CRAOḂ ULAḊ NA nGAIRMSCOL

Tá borradh úr i gcúrsaí peil de ċuile aicme i nDún na nGall. An tseaċtain seo caite, ḃuaiġ Dún na nGall go glan iomlán ar Muineaċán le craoḃ Ulaḋ do na gairmscoltaċa a ḃaint amaċ.

B'é an scór ná Dún na nGall 3-10; Muineaċán 0-2. Agus ḃí an scór tuillte go maiṫ ag bua-ċailli Ṫírċonaill.

Ḃí siad ar tús ón ċéad cic agus d'ḟan siad mar sin go deireaḋ. Ní raiḃ siad ariaṁ i ndainséar. N-imreaḋ an cluiċe ceannais de ċuid Ċúige Ulaḋ ag Baile Ní Céirn. Ḃí an aimsir go h-olc, ⁊ an páirc fliuċ báite, aċ, níor ċuir sé cúl ar biṫ ar laoċras ġasraí Dún na nGall.

B'iad a fuair na scóranna do Ḋún na nGall. Labras Ó Loċlainn 1-3, Séamas Ó Cnáimsí, 1-1; D. Ó Baoill 1-0, Seosaṁ Ó Beirn, 0-3, Pádraic Ó Fearraiġ, 0-2, ⁊ Séamas Ó Máirtín 0-1. Beirt lár páirce Ḋún na nGall, Ó Cuinn ⁊ Mac Giolla a ba ṁó a ċabraiġ le Dún na nGall a ḟáġáil ar uaċtar ar fad. Ḃí Mac Fearġusa go maiṫ ag breiṫ ar an liaṫróid, fliuċ agus eile is mar ḃí sé, agus ḃí Ó Fearraiġ ina ḃalla ċosanta i lár an líne leaṫ-ċúl. B'iad imreoirí Ḋún na nGall — P. Ó Doċartaiġ, Sraiṫ an Urláir, G. Mac Duiḃir, Na Gleanntaí, Éamonn Mac Nialasa, Na Gleanntaí, Séamas Mac Fearġusa, Béal Áṫ' Seanaiġ, Seán Mac Caiḟeartaiġ, Leitir Ceanainn, Pádraic Ó Fear-raiġ, Gort a' Ċoirce, Caoiṁín Hunter, Sraiṫ an Urláir, Tomás Ó Cuinn, Béal Áṫa Seanaiġ. B. Mac Giolla, Na Gleanntaí; D. Ó Baoill, Loċ an Iubar, Séamas Ó Máirtín, Béal Áṫa Seanaiġ, Seosaṁ Ó Beirn, Na Gleanntaí; Proinnsias Ó Caimbéal, Na Gleanntaí, Labras Ó Loċlainn, Béal Áṫa Seanaiġ, Séamas Ó Cnáiṁsí, Loċ an Iubar.

Beiḋ foireann Ḋún na nGall ag imirt i gcoinniḃ Curaiḋ Ċonaċta gan ṁoill.

COMÓRTAISÍ

Aistí na seaċtaine seo.

Sinsir:

Dáta Cásca Buan nó Iontraiṫe.

Sóisir:

Amadán Aibreán.

Bunscoltaċa;

Ag Cuartú Neadraċa.

Aistí, máille le cupón ó'n eagrán seo le cur sa post roiṁ an Diardaoin, an 15ú Aibreán.

Ní ḃeaḋ comórtas ar biṫ don seaċtain seo ċugainn de ṫairḃe saoire na Cásca.

DUAISEOIRÍ

Stampa (£1) Coláiste Cróna.

Dolores Ní Conġaile, Cloċar Marist, Cara Droma Rúisc.

Caroline Ní Ḋoċartaiġ, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa Liag.

2, **Caitlín Ní Tuaṫail.** Scoil Naoṁ Muire, Eadan Doire.

3. **Máire Ní Ṁaolṁicín,** Cloċar Íosa 'Ṁuire, Inis Eascraċ Aḃann.

Ard Ṁolaḋ: Máiréad Ní Raġallaiġ, Cara Droma Rúisc, Bríd Ní Annlaiġ. Béal Áṫa Liag, Máire Ní Fiacra, Cara Droma Rúisc. Máire Ní Ḋoṁnalláin, Béal Áṫa Liag, Eiblín De Ḃade, Inis Eascraċ Aḃann.

— — — — — — — — —

CUPÓN

AMÁRAĊ 9-4-1965.

— — — — — — — — —

CÚRSAÍ TOĠAĊAN I nGAILLIṀ

Ḃí coiṁlint go leor i nGaeltaċt na Gaillimhe sa toġċán seo. Tá triúr ag Fianna Fáil, Seán Mac Eoċagáin, Cárna, a ḃí ina T.D. suas gur scoir an Dáil, R. Ó Maolḃuaiġ, Stiúrtóir Cuideaċtain, 28 bliain d'aois, Rocbarton, Bóṫar na Trá, agus Pád-raic D. Seoiġe, as Cloċán.

Triúr atá ag Fine Gael freisin, Fiontán Ó Cuagáin, a ḃí ina T.D., An Seanadóir Seán Ó Mainín, An Cloċán, agus Míċeál Breaṫnaċ, Ceannaí. Rosmuc. Tá Míċeál Mac Gaḃann ina iarratóir ar son an Luċt Oibre.

Is cinnte go raiḃ coiṁlint níos géire insan Iarṫar agus tríd Ċonamara ná ḃí le fada, fada roiṁe.

Ḃí feaċtas mór ar siúl ag Míċeál Mac Gaḃann tríd Ċonamara. Ag labairt ag cruinniṫe deireaḋ na seaċtaine, dúirt sé gur nós cuma-liom a ḃí ag an dá páirtí eile don Ġaeltaċt. Aċ, níor léir gur ṫuig sé féin mórán faoin Ġaeltaċt, mar níor dúirt sé aċ go raiḃ "Planned extension of employment" acu ní aṁáin don Ġaeltaċt aċ don tír uiliġ. Aċ níl faḃḃanna na Gaeltaċta sa tír uiliġ, agus ní ṫaispeáineann sé mórán smaointeaċas a rá gur ċeart Bord na Móna agus Coṁluċt Siúicre Éireann a leaṫnú go dtí an Gaeltaċt. Dúirt sé freisin gur ċeart spreagaḋ a ṫaḃairt do Coṁar Ċumainn, mar an ceann i nGleann Colmcille.

Tá ceaṫrar den seisear ón dá páirtí móra, as Conamara agus ḃí coiṁlint géar ann. Mar sin féin, arsa fear aṁáin, ní ḋéanfaiḋ Conamara dearmad ar Seán Mac Eoċagáin.

CILL CARṪA

...Ḃí measartaċt eallaċ ar tairiscint ar aonaċ Ċill Ċárṫa, cé go raiḃ na luaċa buan go maiṫ, ní raiḃ éileaṁ ró ṁaiṫ ar ba ionlaoiġ. Aċ, ḃí éileaṁ iontaċ brioscar eallaċ stór agus ainṁiṫe óga.

Tá mí-śásaṁ i gCill Cárta ⁊ ins na bailte fearann taoḃ amuiġ gur i mBéarla atá an Aifreann. Tá Cill Cárta ina ḟíor-Ġaeltaċt. Sí an Ġaeilge gnáṫeanga na ndaoine taoḃ amuiġ den beagán b'ḟéidir ar an baile féin, agus leoga, níl an beagán sin gan Gaeilge. agus cuid acu ag teaċt i dtír go maiṫ ar an Ġaeilge. Tiocf[illegible] e aċán duine na paidreaċa a rá i nGaeilge, agus níl mórán cúis naċ mbeaḋ an tAifreann i dteanga na ndaoine.

DUḂĊARRAIĠ

Cúis brón insan ċeantar bás Pádraic Uí Gallċoḃair, Claongoirt, An Duḃċarraiġ. Ní raiḃ sé aċ ós cionn an dá scór, agus ní raḃtar ag dúil lena ḃás. Fear ciúin gan urċóid a ḃí ann, agus ḃí árdmeas air imeasc a ċuid comarsan. Tá an pobal uiliġ buarṫa fána ċuid dearṫáraċa agus deirfiúraċa agus níṫear coṁḃrón leo agus leis na gaolta uile. Tá dearṫár leis, Dónal, in Albain, agus Séamas ina ċónaí ag Bóṫar an Ġleanna. Na Gleanntaí, agus a ċuid deirfiúraċa, Éilís Ní Ġallċoḃair, Claongoirt, agus Bríd Bean Uí Ḃaoill. Leitir Ṁic a' Ḃáird. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go dtí an reiliġ úr ar na Gleanntaí.

San Ospidéal Réagúnaċ i nGaillim d'éag Máire Ní Ḃaoill, as Loċ na mBratóg, Cill Réim. Ḃí sí ós cionn na gceiṫre-scór, agus cainteoir dúċais Gaeilge ab ea í. Ḃí sí na cónaí lena dearṫár pósta. Pádraic Ó Baoill. Tugaḋ an corp na ḃaile, agus ċuaiġ tórraṁ mór léi go dtí reiliġ na bḞrasa, áit ar dúirt an tAṫair S Ó hEoċaiḋ na paidreaċa.

NA CLUIĊÍ I nGAILLIṀ

Ḃí Doṁnaċ gnóṫaċ san taoḃ ṫiar do Gaillim Dé Doṁnaiġ seo caite. Faoi Bord an Iarṫar. h-imreaḋ na cluiċí seo leanas: Ag Rinnṁaoil: Rinnṁaoil agus Clonbur. Ag Cloċ na Rón, d'imir Cárna agus Cloċ na Rón faoi an Ḃráṫair Basil, mar ṁoltóir. Ag Ceaṫrú Rua, - ḃí cluiċe bríoṁar idir Naoṁ Einde, agus Cilannin, áit a raiḃ an tAṫair Ó Maoldún mar moltóir. Ag Uaċtar Árd, ḃí na Piarsaiġ i gcoinniḃ Uaċtar Árd agus an tAṫair Ó Concuḃair mar ṁoltóir. I lár an lae ag an páirc Ṫeas, d'imir an tAṫair Ó Gríofa agus Naoṁ Columban. Ag Páirc an Piarsaiġ. ḃí Dearna i gcoinniḃ na gCinnéidiġ, áit a raiḃ an Bráṫair Mac Aoḋa, mar ṁoltóir. Dé Luain an 5ú lá, ḃí cluiċe iománaíoċta insan léig faoi 14 ilir Caisleán Gearr agus na Sáirséalaiġ ag an Ṗáirc Ṫeas agus idir Merḃú agus Uarán Mór ag Páirc an Airm, Rinn Ṁór. Ar an Diardaoin, an 8ú lá, ḃí cluiċe idir Baile Ċláir agus Réalt an Iarṫair, ag Baile Ċláir. Dé Saṫairn seo caite. ḃí cluiċe fuinniúil idir Máiġ Cuilinn agus an Spidéal ag Máiġ Cuilinn. Ar an Diardaoin an 8ú lá, d'imir an Spidéal agus Máiġ Cuilinn arís, ag an Spidéal.

Ar an Ṁáirt, an 13ú lá, beiḋ cluiċe idir Uarán Mór ⁊ Réalt an Iarṫar, ag an Ṗáirc Ṫeas, idir na Sáirséalaiġ agus San Nioclás ag an Ṗáirc Ṫeas agus idir Merḃú agus Baile Ċláir ag Merḃú.

Dé Luain seo ċugainn, an 12ú lá, imreoiḋ Raṫún agus an Spidéal ag Sean Talaṁ, agus ar an 26ú lá d'Aibreán beiḋ an dara cluiċe eatarṫa ag an Spidéal.

FÁNAID

Beiḋ an scéim mór uisce réagúnaċ ag tosnú i bḞánaid i mí Ṁeiṫiṁ seo ċugainn. Sin é an rud a d'ḟógair Niall Ó Bléine, Aire Rialtas Áitiúil, agus é ag caint i gCranford, deireaḋ na seaċtaine. Dúirt sé gur measaḋ go gcosnóḋ an scéim seo £200,000 agus dúirt sé go raiḃ sé forlíonta don scéim ag Ceaṫrú Caol agus go ndéanfaḋ sé freastal ar an ionad caraḃan san ċeantar. Ba ṁaiṫ an rud, adúirt an tUasal Ó Bléine. go mbeaḋ an scéim uisce ḋá ṫosnú anois, go h-áiṫrid ós rud é go raiḃ scéim na dtíṫe gloine trátaí ḋá leaṫnú go dtí Fánaid agus ceantair eile i nDún na nGall.

Coṁġáirdeas le Aoḋ Mac Ḟionnlaoiċ, mac le Seán Mac Ḟionnlaoiċ, agus a bean, Tonn Bán, Ceanndroma, agus Máire Ní Ċeallaċáin, aon iníon Séamas Ó Ceallaċáin agus a bean. Baile Loisce, Baile Lár. I Londain a pósaḋ iad, i dTeaċ Pobail Ban Tiarna Fatima.

AN CLOĊAN LIAṪ

Ḃí buaireaṁ tríd Árdmín nuair a ṫáiniġ an scéala go bḟuair Sorċa, Bean Ṁic Ruaiḋrí, bás ar an Ċloċán Liaṫ, an tseaċtain seo caite. Fuair a fear-céile, Riobárd Mac Ruaiḋrí, bás tá oċt mbliana-déag ó śin ann. Níṫear coṁḃrón lena gaolta agus daoine muintearṫa.

Ḃí Seán C. Ó Gormáin i gceannas ag cruinniú mór de luċt Fine Gael agus oibriṫe toġċáin. in Óstán Ṁic Suiḃne, An Cloċán Liaṫ, nuair a rinneaḋ na socraiṫe deireannaċ fá ċoinne lá an toġċáin. Labair Dónal Ó Raoraí leis an ċruinniú fosta. Deir Fine Gael go bḟuil siad a' dul a ḃaint suíoċáin i nDún na nGall Ṫiar.

DEISḂÉALAĊ

Ṫáiniġ Sasannaċ agus Albanaċ isteaċ i gcarráiste traenaċ uair aṁáin. Ní raiḃ aċ suíoċán aṁáin folaṁ agus Éireannaċ na śuiġ díreaċ i lár báire, agus gan áird dá laġad aige ar an péire a ṫáiniġ isteaċ. B'éigin daofa sa deire suiġ síos duine aca ar gaċ taoḃ de. Ní ṫiocfaḋ leofa cóṁra le ċéile, nó an páipéar a léaṁ le ċéile. Ḃí an Sasanaċ ar buile agus ar seisean sa deire, le na ċomráide— "Éist a Śeoirse caiṫfiḋ sé gur miúil nó asal an fear seo." "Cinnte ní h-ea," arsan t-Éireannaċ go gasta. "Ní miúil ná asal mé. aċ tá mé díreaċ istiġ idir an ḃeirt aca!"

— — — — —

FEIṪ AN ĠRINN

Ḃí fear ceannais scata fear-oibre ar ḃóṫar iarainn ag súil síos a ċuid féin den líne, nuair a fuair sé duine de na ċuid fir na luí ag ċodlaḋ. Ṫáiniġ aoiḃ an ġáire air ag féaċaint síos ar mo ḋuine agus ar seisean leis féin "Codlaḋ leat a ḟállsóir — codlaiḋ leat. Ḟaid agus tá tú id' ċodlaḋ tá gaḃ agat, aċ ċom luat géar as ṁusclóid tú suas tá tú gan obair!"

— — — — —

FRÍD A ĊÉILE

Ḃí an máistir ag caint leis an rang. "Anois," arsa seisean leofa, "Láṁa anáirde duine ar biṫ naċ dtuigeann an ċeaċt céimseata sin?" Cuir gasúr aṁáin suas a láṁ. "Tá go maiṫ," arsan máistir leis. "Anois mar sin, coinniġ súil géar ar an gclárduḃ, ḟaid as ḃéas mise ag dul fríd!"

— — — — —

Tuairisceoir: Rud ar biṫ úr ó śoin?

Fear cinn: Níl rud ar biṫ maise, aċ aṁáin béidir an péint sin ar a bḟuil tú ag claonaḋ síos air!

TUIGEANN TAḊG TAIḊGÍN

Ceann de na ċeisteanna ar páipéar scrúdaiṫe na Nollag na: "Caidé is cúis le isliú?" Sé an freagraí a scrí an macléinn síos ná: "Ag Dia atá, ḟios! Níl ḟios agamsa! Nollaig śona ḋuit!

Aċ ḃí an t-Ollaṁ ċoṁ cliste agus ḃí sé féin. Tuigeann Taḋg Taiḋgín! Nuair a fuair an macléinn an páipéar scrúdaiṫe arais ceartaiṫe, ḃí na foclaí seo scríofa faoin ċeist úd. "Fánn Dia 100 marc, fánn tusa neaṁní. Bliain nua śona ḋuit!"

— — — — —

AR EAGLA NA hEAGLA

Fear a ċuir an dlí ar ḟear eile fá tionóisc gluaisteáin ḃíṫear á ċros-ċeistniú ag dlíodóir an ċosantóra. "Nuair a ṫárla an tionóisc seo agus nuair a cuireaḋ ceist ort an raiḃ tú nó naċ raiḃ tú gortaiṫe ar ḋúirt tú go raiḃ nó naċ raiḃ?" 'Dúirt mé go díreaċ naċ raiḃ," arsa an gearánaí, aċ seo mar ḃí an scéal: Ḃí mise ag tiomáint liom síos an bóṫar le mo ċapall agus trucall, nuair a ṫáiniġ an fear seo nár ndiaiḋ agus ċait isteaċ sa ċlaí muid. Sin mise sínte ar mo ḋrom as mo ċosa san aer; agus ḃí mo ċapall sínte fosta le na ċosa san aer. Léim an tiománaí seo amaċ as a gluaisteán ⁊ ḃain lán na súil asainn. Feiceann sé go bḟuil cos briste ag mo ċapall. Arais le mo ḋuine go dtí'n ċarr. Tógann gunna as ⁊ maraíonn mo ċapall. Ansin ċas sé ormsa sínte ar an talaṁ mar ḃí mé, agus ara seisean liom— "Anois caidé fá ḋaoiḃ duitse? 'Ḃfuil cnáṁa ar biṫ briste agat "

— — — —

PÁIPÉAR CAITE ṪART

Maor: Níor faca mé an páirc ariaṁ coṁ clúdaiṫe le páipéir agus atá sé maidin inniu. Conus mar a ṫárla sé?

Coiméadaí: Tugaḋ duilleoga amaċ aréir ag iarraiḋ ar na daoiṁe gan páipéir a ċaiṫeaṁ ṫart.

CLOIĊEANNAOLA

Ḃí aonaċ Ġort an Ċoirce níos lú ná ariaṁ an mí seo. Níos lú ainṁiṫe ar tairiscint. Aċ d'ḟan na luaċa árd. £25 do gaṁna ⁊ gaṁna bliana ó £40 suas.

Táṫar i gceann oibre arís ag leaṫnú agus deisiú bealaċ Ṁaċaire Rabartaiġ. Ḃí stop leis an obair ar feaḋ trí seaċtaini leis an droċ aimsir. Tá cuid mór tráċt ar an bealaċ seo, go h-áiṫrid turasóiri le linn séasúr an t-samraiḋ.

Ábar bróin sa ċeantar, an scéala go bḟuil Concuḃar Mac Ḟionnlaoiċ, a rugaḋ i gCill Cárta indiaiḋ bás a ḟáil i Chicago.

Tá Máiréad Ní Ḃeirn, fostaí de Pan American Airlines, tar-éis cuairt a ṫaḃairt óna Stáit Aontaiṫe ar a ḋearṫáir, Míċeál S. Ó Beirn, Cógais. Tá sé cúpla bliain ó ṫáiniġ sí féin agus a deirfiúr. Treasa, ar cuairt na ḃaile roiṁe.

BLIAIN AN AOIL

Ḃótáil Coiste Talṁaíoċta na Gaillimhe, 960, i leiṫ deontaisí do spréiṫeoirí aoil. Tá an Coiste sásta 25 per cent. de ċostas na spréiṫeoirí seo a íoc, mar spreagaḋ le tuilleaḋ aoil a leaṫnú ar an talaṁ.

D'iarr an Príoṁ-Oiḟigeaċ, S. Ó Donnċaḋa, ar an ċoiste, aontú leis seo. Dúirt an tAire, ar seisean, gurb í 1965 bliain an aoil.

Ṫaispeáin an taiġde a rinne na seirḃisí coṁairlíṫeaċ agus an Foras Talúntas gur easpa aoil an cosc ba ṁó ar breis táirgeaḋ óna feilméaraí.

I gcainteanna le coṁairleoirí agus feilméaraí, adúirt sé, ṫuig sé gur easpa spréiṫeoirí an cosc ba ṁó a ḃí ar tuilleaḋ aoil a úsáid. Ġlac an Coiste leis an scéim.